

FEIGHLÍ LEANAÍ A ROGHNÚ



Treoir do Thuismitheoirí



National Action Plan
for Childminding
2021-2028

Childcare
Committees
Ireland



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Michumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

CLÁR NA nÁBHAR

CAD IS FEIGHLÍ LEANAÍ ANN?	3
NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN LE FEIGHLÍOCHT LEANAÍ	3
CINEÁLACHA FEIGHLITHE LEANAÍ	4
LEIDEANNA MAIDIR LE FEIGHLÍ LEANAÍ A ROGHNÚ	5
FEIGHLÍOCHT LEANAÍ LE LINN COVID	10
COMHPHÁIRTÍOCHT LE d'FHEIGHLÍ LEANAÍ	10
EOLAS BREISE	11




CAD IS FEIGHLÍ LEANAÍ ANN?

Tugann feighlí leanaí aire do ghrúpa beag leanaí i dteach an fheighlí leanaí féin. Cuirtear fáilte roimh leanaí mar dhaoine aonair, tugtar gean agus meas dóibh agus freastalaítear ar a gcuid riachtanas forbartha agus áineasa. Tairgeann feighlithé leanaí seirbhís sholúbtha, atá curtha in oiriúint do gach leanbh, rud a chuidíonn le tuismitheoirí agus caomhnóirí a ngealltanais oibre agus teaghlaigh a chothromú.

I gcás go leor tuismitheoirí tá roghnú na seirbhíse luathfhoghlama agus cúraim leanaí ceart ar cheann de na cinntí is tábhachtaí a dhéanfaidh siad, ag cinntiú go roghnóidh siad an cineál ceart luathfhoghlama agus cúraim leanaí is fearr a oireann do riachtanais a linbh agus a dteaghlach.

NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN LE FEIGHLÍOCHT LEANAÍ

Tá go leor gnéithe uathúla d'fheighlíocht leanaí a thacaíonn le foghlaim agus forbairt leanaí:



CINEÁLACHA FEIHLITHE LEANAÍ

Ag brath ar líon na leanaí a dtugtar aire dóibh, b'fhéidir go mbeidh ar roinnt feighlithe leanaí clárú le Tusla, agus beidh cuid acu díolmhaithe.

Tá feighlí leanaí díolmhaithe ó chlárú le Tusla má thugann siad aire:

- do thriúr leanaí réamhscoile nó níos lú agus sin amháin
- do sheisear leanaí réamhscoile nó níos lú agus sin amháin
- nó do mheascán de leanaí réamhscoile agus leanaí in aois scoile (suas go dtí 6 leanbh) mar atá leagtha amach thíos:

Líon na leanaí Réamhscoile a dtugtar aire dóibh:	Líon Uasta na Leanaí in Aois Scoile:
0	6
1	5
2	4
3	3

**Níor cheart d'fheighlithe leanaí cúram a thabhairt do níos mó ná beirt naíonán faoi 15 mhí ag aon am amháin.*

Tabhair ar aird: Tá leanaí réamhscoile 0 - 6 bliana d'aois, tá leanaí in Aois Scoile 6 bliana d'aois+ nó nuair a thosaíonn siad ar an mbunscoil.

FÓGRA DEONACH

Féadfaidh feighlithe leanaí atá ag tabhairt aire do thriúr leanaí nó níos lú a roghnú chun fógra a thabhairt go deonach dá gCoiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae (CCC) áitiúil. Tabhair ar aird, ní sholáthraíonn gach CCC Fógra Deonach.

CLÁRÚ LE TUSLA

Ní mór d'fheighlithe leanaí ar mian leo aire a thabhairt do 4 leanbh réamhscoile nó níos mó, nó aire a thabhairt do 7 leanbh nó níos mó d'aois ar bith, clárú le Tusla, agus tá siad faoi réir cigireachta.

Feighlithe leanaí a thugann aire do mheascán de leanaí réamhscoile agus leanaí ar aois scoile: Is iad seo a leanas uaslíon na leanaí ar féidir le feighlí leanaí aire a thabhairt dóibh ag an am céanna:

Líon na leanaí Réamhscoile a dtugtar aire dóibh: (0-6 bliana)	Uaslíon na Leanaí in Aois Scoile ar féidir aire a thabhairt dóibh: (0-6 bliana)
1	10
2	7
3	5
4	2
5	1

Tabhair ar aird le do thoil: Ní mór go mbeadh árachas agus cead pleanála leordhóthanach ag feighlithe leanaí do líon na leanaí a dtugtar aire dóibh.

GRINNFHIOSRÚCHÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA

Is céim thábhachtach í grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chun sábháilteacht agus leas leanaí i gcúram leanaí a chur chun cinn. Cuireann sí in iúl do thuismitheoirí freisin go bhfuil seirbhís ghairmiúil á hoibriú ag an bhfeighlí leanaí agus go bhfuil leas leanaí fiorthábhacht dóibh.

Ceanglaítear ar feighlithe leanaí atá cláraithe le Tusla Grinnfhiosrúchán an Gharda a bheith acu, ach thabharfadh deachleachtas le fios gur cheart grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar gach feighlí leanaí.

Soláthraíonn an Biúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán d'feighlithe leanaí tríd an tSeirbhís Ghrinnfhiosrúcháin Barnardos agus Luath-Óige Éireann. Déantar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar gach ball de Fheighlíocht Leanaí na hÉireann.

LEIDEANNA MAIDIR LE FEIGHLÍ LEANAÍ A ROGHNÚ

FEIGHLITHE LEANAÍ A AIMSIÚ

Tosaigh le:

- Smaoineamh ar do riachtanais luathfhoghlama agus cúraim leanaí, cé mhéad lá sa tseachtain agus an costas
- Cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin Tusla, teagmháil a dhéanamh le do CCC agus/nó Feighlíocht Leanaí na hÉireann le haghaidh ainmneacha agus shonraí teagmhála na bhfeighlithe leanaí i do cheantar.
- Sonraí teagmhála feighlithe leanaí a iarraidh ar chairde, ar do theaghlach, ar do chomharsana agus ar chomhghleacaithe oibre
- Fógra a chur sna nuachtáin áitiúla; siopaí; feasacháin; na meáin shóisialta srl agus súil a choinneáil ar fhógraí feighlíochta leanaí

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE FEIGHLITHE LEANAÍ

- Sula dtéann tú i dteagmháil le feighlí leanaí, ullmhaigh liosta de rudaí le plé
- Smaoinigh ar an am den lá agus tú ag gloch ar an bhfeighlí leanaí, i.e. seachain amanna gnóthacha amhail teacht, imeacht, nó am lóin srl.
- Tabhair sonraí faoi do chuid riachtanas feighlíochta
- Is iad na gnéithe atá le breithniú ná cáilíocht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht
- Ní gá cinneadh a dhéanamh láithreach

SOCRAIGH CUAIRTEANNA CHUIG SUÍOMHANNA FEIGHLÍOCHTA

- Buail le cúpla feighlí leanaí mar go dtabharfaidh sé seo léargas níos leithne ar fheighlíocht leanaí
- Pleanáil cuairt tosaigh ar theach an fheighlí leanaí, is fearr é nuair atá leanaí ann
- Agus feighlí leanaí roghnaithe agat, pleanáil an dara cuairt ag am níos ciúine chun an socrú a chur ar bhonn foirmiúil

SMAOINIGH AR CHUID DE NA CEISTEANNA SEO A LEANAS A CHUR AR AN bhFEIGHLÍ LEANAÍ CEISTEANNA:

- An bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána acu? Féadfaidh tú fianaise air seo a iarraidh
- Cén taithí/eolas/oiliúint/cáilíochtaí atá acu?
- An bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta acu dá seirbhís feighlíochta leanaí m.sh., breoiteacht; cógas a thabhairt; sábháilteacht ó dhóiteán, bainistíocht iompair, etc.?
- An bhfuil siad cláraithe le Tusla? (mura bhfuil siad díolmhaithe ó chlárú – féach leathanach 3)
- Cé mhéad leanbh atá faoina gcúram faoi láthair agus cén aois iad?
- An bhfuil árachas ar leith d'fheighlíocht leanaí acu?
- An bhfuil árachas gluaisteáin cuí acu?
- An bhfuil cead pleanála acu más gá?

*Tabhair ar aird: *Cuireann na Rialacháin Pleanála agus Forbartha díolúine ar fáil ó chead pleanála maidir le: 'cúram a thabhairt do níos mó ná seisear leanaí, lena n-áirítear leanaí, más ann dóibh, an duine atá i bhfeidhíil, i dteach an duine sin ar mhaithe le brabús nó le*

- An bhfuil daoine fásta eile ar an áitreabh nuair atá aire á tabhairt do leanaí?
- Cad é a ngnáthamh laethúil m.sh., gníomhaíochtaí súgartha, béilí, súgradh lasmuigh, teilifís, scéalta, scíth?
- Cé a sholáthraíonn na béilí don leanbh i rith an lae? Pléigh aon riachtanais chothaitheacha.

- Cad iad na bréagáin, an trealamh súgartha, na hábhair, na gníomhaíochtaí atá ar fáil do na leanaí?
- An mbíonn deiseanna ag na leanaí súgradh amuigh faoin aer?
- Cad soláthar atá ann maidir le súgradh sábháilte lasmuigh?
- Cén trealamh luathfhoghlama agus cúraim leanaí a sholáthraíonn siad m.sh., ardchathaoir, cliabháin, suíocháin chairr etc.?
- Cá gcodlaíonn na leanaí m.sh. smaoinigh ar shuíomh, leapacha, cliabháin srl?
- Mura bhfuil siad in ann aire a thabhairt do do leanbh nó i gcás éigeandála, an bhfuil cúltaca éigeandála acu?
- Cad iad a dtéarmaí agus a gcoinníollacha oibre m.sh.
 - uaireanta/laethanta oibre?
 - rátaí feighlíochta leanaí?
 - riachtanais saoire?
- Cad ba cheart do thuismitheoirí a chur ar fáil don fheighlí leanaí m.sh., clúidíní, earraí níos áine, éadach uile-aimsire agus buataisí srl.?
- Cad iad na socrúithe atá i bhfeidhm má tá leanbh tinn?
- An mbailíonn siad leanaí ó ghníomhaíochtaí réamhscoile/scoile/iarscoile?
- An bhfuil peataí acu?
- An dtugann siad leanaí ar thurais?
- An bhfuil siad ar an eolas faoi cheanglais sábháilteachta gluaisteáin/an bhfuil suíocháin chairr chuí acu?
- An bhfuil teistiméireachtaí tuismitheora acu a bhféadfá teagmháil a dhéanamh leo?

D'fhéadfadh bileog/leabhrán eolais a bheith ag roinnt feighlíochta leanaí faoina seirbhís ina sonraítear a n-uaireanta oscailte, táillí, polasaithe agus nósanna imeachta srl.

BA CHÓIR D'FHEIGHLÍ LEANAÍ:

- Fíor-ghrá a bheith acu do leanaí
- Caidrimh chomhbhácha, chothaitheacha a thógáil le leanaí
- Cineáltas a thaispeáint
- A bheith gairmiúil, tiomnaithe agus iontaofa
- Ionbhá agus tuiscint a thaispeáint
- A bheith spráúil agus fuinniúil
- A bheith inniúil agus cumasach
- A bheith ina éisteoir gníomhach agus a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le leanaí agus thuismitheoirí
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le thuismitheoirí
- Aitheantas a thabhairt do indibhidiúlacht agus uathúlacht gach linbh

BA CHÓIR DO THEACH FEIGHLÍ LEANAÍ:

- A bheith comhbhách, sona, cairdiúil agus spreagúil
- A bheith te teolaí
- A bheith mór go leor le haghaidh súgartha agus gníomhaíochtaí laistigh agus lasmuigh
- A bheith oscailte ionas gur féidir leat cuairt a thabhairt ag am ar bith i rith an lae
- A bheith sábháilte e.g., geataí sábháilteachta; sciatha dóiteáin; glais sábháilteachta; aláraim dheataigh, aird ar shláinteachas srl.
- Limistéar slán lasmuigh a bheith aige m.sh. gan aon rochtain ar an mbóthar; trealamh súgartha ar ardchaighdeán srl.
- Éagsúlacht trealamh, bréagán agus ábhar foghlama a bheith aige ar féidir le leanaí rochtain a fháil orthu gan bhac m.sh., súgradh gainimh/uisce, marla, leabhair, rólghlacadh/súgradh samhailteach, ábhair chruthaitheachta srl.
- Cóipeanna dá gcuid polasaithe agus nósanna imeachta a roinnt le tuismitheoirí

BA CHÓIR DO THUISMITHEOIRÍ FOIRM THAIFID LINBH A CHOMHLÁNÚ LENA N-ÁIRÍTEAR:

- Ainm agus seoladh an linbh
- Dáta breithe an linbh
- Sonraí teagmhála na dtuismitheoirí i rith an lae m.sh. uimhreacha teileafóin baile & oibre
- Uimhir theagmhála an dochtúir teaghlaigh
- Ainm agus sonraí teagmhála cibé duine a rachfar i dteagmháil leis nó léi i gcás éigeandála
- Sonraí faoi na daoine ar féidir leo do leanbh a bhailiú
- Aon riachtanais leighis & aiste bia
- Cead le haghaidh turais agus aon taisteal i gcarr feighlí leanaí
- Cead le haghaidh grianghraf

BA CHÓIR GO mBEADH AN MÉID SEO A LEANAS I dTAIFID FEIGHLITHE LEANAÍ:

- Taifead tinrimh laethúil
- Taifid Timpistí/Díobhála
- Measúnuithe riosca
- Comhaontú sínithe maidir le cógas a thabhairt

- Taifead sábháilteachta ó dhóiteán
- Árachas feighlíochta leanaí agus árachas cairr cuí
- Doiciméid ar oiliúint e.g. Tús Áite do Leanaí Tusla
- Garchabhair
- Táillí feighlíochta leanaí

Níl an liosta taifead seo uileghabhálach.

CINNEADH A DHÉANAMH

Cuimhnigh go bhfuil sé ceart go leor do thuismitheoirí a gcuid ama a ghlacadh agus gan deifir a dhéanamh ar chinneadh. Ba chóir do thuismitheoirí athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis go léir agus glaoh ar an bhfeighlí leanaí má bhíonn aon cheisteanna ann nár freagraíodh. Má tá suíomh feighlíochta leanaí lán, cuir ainm an linbh ar an liosta feithimh.

DEIMHNIGH DO CHINNEADH

- Nuair a bheidh feighlí leanaí aimsithe ag thuismitheoirí, deimhnigh agus aontaigh téarmaí agus coinníollacha an tsocraithe.
- Moltar conradh feighlíochta leanaí ina sonraítear an socrú feighlíochta leanaí le thuismitheoirí (costas, uaireanta, íocaíochtaí tinnis nó saoire, rátaí ragoibre nó táillí breise ar bhia agus ar thurais srl).

Cinnteoídh sé seo nach gcuirfidh míthuiscintí isteach ar cháilíocht an chaidrimh idir an feighlí leanaí, thuismitheoirí agus leanaí. Ba chóir don dá pháirtí cóip den chonradh seo a choinneáil.

DÉAN ATHBHREITHNIÚ AR DO CHONRADH

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh thuismitheoirí agus feighlithe leanaí athbhreithniú bliantúil ar an gconradh feighlíochta leanaí. Tugann sé seo deis dóibh beirt labhairt faoi riachtanais an linbh agus faoin gcaoi a bhfuil an socrú feighlíochta leanaí ag dul. Ciallaíonn an conradh sínithe go n-aontaíonn thuismitheoirí agus feighlithe leanaí araon agus go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoi théarmaí na seirbhíse.

FEIHLÍOCHT LEANAÍ LE LINN COVID

Mar gheall ar chúrsaí faoi láthair, moltar mar dhea-chleachtas go mbeadh Beartas Rialaithe Ionfhabhtaithe COVID-19 ag gach feighlí leanaí chun a chinntiú go bhfuil cleachtais agus nósanna imeachta sábháilte i bhfeidhm laistigh den suíomh. Tá freagracht ar fheighlithe leanaí agus ar thuismitheoirí cloí leis na treoirlínte is déanaí maidir le COVID-19 chun sláinte agus folláine gach duine a chinntiú. Féach:

<https://www2.hse.ie/conditions/covid19/> (roinnt ábhair Gaeilge ar fáil anseo sa mhír “Resources and Translations”)

COMHPHÁIRTÍOCHT LE d'FHEIHLÍ LEANAÍ

Is iad na thuismitheoirí príomhchúramóir agus príomhoideachasóir a linbh agus dá bhrí sin tá sé de fhreagracht orthu a bheith páirteach i ngach gné dá saol. Baineann leanaí tairbhe mhór as nuair is caidreamh dearfach agus measúil é an caidreamh idir na thuismitheoirí agus a bhfeighlí leanaí. Ba chóir do thuismitheoirí a stíl tuismitheoireachta, a luachanna agus a gcreidimh a roinnt leis na feighlithe leanaí, a bheith oscailte agus macánta faoin méid atá siad ag súil leis sa socrú feighlíochta leanaí agus an ról a bheidh ag an bhfeighlí leanaí i saol an linbh.

SOCRÚ ISTEACH

Tosaigh go mall trí:

- Cuairt a eagrú ar theach an fheighlí leanaí ina bhféadfaidh thuismitheoirí fanacht chun tacú leis an aistriú
- Tar éis na cuairte seo, ba chóir leanaí a fhágáil ar feadh tréimhse ghearr agus an t-achar sin a mhéadú gach lá ag brath ar an gcaoi a bhfuil siad ag dul i dtaithe ar an bhfeighlí leanaí agus a dtimpeallacht nua
- Cead a thabhairt do leanaí an gobán nó an bréagán is fearr leo a thabhairt chuig an suíomh feighlíochta leanaí. Cuideoidh sé seo leo mothú slán agus a muinín a chothú.
- Labhairt leis an bhfeighlí leanaí faoi do leanbh. Inis dóibh na cluichí agus na gníomhaíochtaí is fearr le do leanbh, bianna is maith leo nó nach maith leo agus aon eagla atá orthu
- Teagmháil a dhéanamh i rith an lae le seiceáil agus le feiceáil conas atá do leanbh ag socrú isteach. Tá sé in ann a bheith dúshlánach do thuismitheoirí chomh maith agus mar sin glacann sé am do gach duine dul i dtaithe ar an socrú nua
- A bheith ar an eolas faoi ghnáthamh agus gníomhaíochtaí an fheighlí leanaí, cuideoidh sé seo le thuismitheoirí labhairt lena leanbh faoina lá

Chun tuilleadh comhairle agus tacaíochta a fháil maidir le feighlí leanaí a roghnú:

- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí (2021-2028)
- Na Chéad 5
- Tusla (Béarla amháin, ár leithscéal)
- MyCCC.ie (Béarla amháin, ár leithscéal)
- Feighlíocht Leanaí na hÉireann (Béarla amháin, ár leithscéal)
- Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí
- Treoirínte Covid-19 HSE (Béarla, ach roinnt ábhair Gaeilge ar fáil anseo sa mhír “Resources and Translations”)

www.gov.ie/childminding

www.first5.gov.ie

www.tusla.ie www.myccc.ie

www.childminding.ie

www.ncs.gov.ie

www2.hse.ie/conditions/covid19/



National Action Plan
for Childminding
2021-2028



An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency



CHILDMINDING IRELAND
Supporting Ireland's Childminders; Minding Ireland's Children



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

www.gov.ie/childminding

www.myccc.ie